
# AN GARDA SÍOCHÁNA
## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2019
## PLEAN PÓILÍNEACHTA




garda.ie

# BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

**1,348**
pearsanra nua

**344**
Garda ar fhill ar an líne tosaigh

**1m**
lucht leanúna sroichte ar fud mheáin shóisialta an Gharda Síochána

**€21m**
de dhrugaí ar urghabhadh

# SRACFHÉACHAINT AR AN NGARDA SÍOCHÁNA

Ba bhliain ina ndearnadh go leor dul chun cinn í 2019 don Gharda Síochána. Is féidir leis an eagraíocht breathnú siar le bród ar a ról féin maidir le sábháilteacht an phobail a chinntiú ar fud na tíre le bliain anuas, ach freisin an ról ríthábhachtach a bhí aici sna blianta fada anuas agus leanann sí leis an ról seo a ghlacadh gach lá maidir le daoine a choinneáil slán.

Cé go raibh sé an-deacair don Gharda Síochána le deich mbliana anuas, i mbliana rinne an Rialtas tuilleadh infheistíochta sa tseirbhís agus rinneadh go leor athruithe chun leasa faoin Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí.

Leanaimid orainn ag déanamh rudaí ar bhealach difriúil. Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo mar fhianaise ar sin. Léirithe le hionchur ón Údarás Póilíneachta, leagtar amach go soiléir cá háit ar chomhlíonamar spriocanna, cá háit ar bhaineamar iad amach i bpáirt nó nár bhaineamar iad amach. I gcásanna nár bhaineamar ár n-aidhmeanna amach go hiomlán, tabharfaimid aghaidh orthu faoinár bPlean Póilíneachta 2020.

**37%**

Titim i mbuirgléireachtaí cónaithe ó mhí na Samhna 2015

**418**

Aighneacht chuig an Tionscnamh Do Smaointe

**92%**

Muinín an phobail sa Gharda Síochána i R3 2019

**AN LEIBHÉAL MUINÍNE IS AIRDE AR TAIFEADADH I RITH NA CÚIG BLIANA DEIREANAÍ.**

# FORBHREATHNÚ AR AN BPLEAN PÓILÍNEACHTA 2019

## Sracfhéachaint ar an dul chun cinn

### Bainte Amach

| | |
|---|---|
| **1** | Creat Póilíneachta Pobail |
| **2** | Straitéis um Éagsúlacht agus Comhtháthú |
| **3** | Straitéis Náisiúnta Drugaí |
| **4** | Aonad Náisiúnta Comhordaithe um Thascanna |
| **5** | Anailísí a Earcú |
| **8** | Straitéis um Chosc agus Laghdú Coireachta |
| **9** | Straitéis um Laghdú Ionsaithe |
| **10** | Ionsaithe Teaghlaigh Imdhealaithe |
| **11** | An Biúró um Athstiúradh Leanaí |
| **12** | Cúrsa Athstiúrtha Óige Ar Líne |
| **14** | Maitrís Bhagairt ó Dhrong Choireachta Eagraithe (OCG) |
| **15** | Spriocdhíriú OCG a thuairisciú |
| **16** | Feachtas Feasachta CAB |
| **17** | GoAML a Leathnú |
| **20** | Imscaradh an Chórais Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS) |
| **22** | Córas TF Schengen |
| **24** | Cur i bhFeidhm an Phlean Athbhreithnithe ar Dhúnbhású |
| **26** | Brath ar Ionsaí Gnéis |
| **28** | Prótacal Oibre AGS / TUSLA |
| **29** | Uirlis Riosca Drochíde sa Teaghlach |
| **32** | Teagmhais um Rialú Comhéigneach |
| **38** | Plean Oibríochta Póilíneachta Bóithre |
| **39** | Moltaí Crowe Horwath |
| **42** | Sceimhlitheoireacht a Aithint agus Díriú |
| **43** | Cur isteach ar an Sceimhlitheoireacht |
| **44** | Oiliúint Slándála Náisiúnta |
| **45** | Feachtas Fan Sábháilte 6 Canna |
| **46** | Ceanglais Slándála a Aithint |
| **48** | Líonra Idirchaidrimh Idirnáisiúnta na nGardaí |
| **49** | ATLAS agus Slándáil Ardriosca |
| **50** | Bainistíocht Mhóréigeandála |
| **51** | Aonad um Chearta an Duine |
| **52** | Straitéis um Chearta an Duine |

### Bainte Amach - ar lean

| | |
|---|---|
| **54** | Athbhunaíodh an Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine |
| **57** | Straitéis Foghlama & Forbartha |
| **60** | Soláthar Éide Nua |
| **61** | Straitéis um Dhaoine |
| **62.1** | Earcaíocht - Gardaí |
| **62.2** | Earcaíocht - Foireann an Gharda Síochána |
| **63** | Earcaíocht - Cúltaca an Gharda Síochána |
| **64** | Daonáireamh agus plean an Fhórsa Saothair |
| **68** | Dualgais Neamh-Lárnacha a Aithint |
| **70** | Clár Oiliúna Ceannaireachta |
| **71** | Oiliúint Rialachas |
| **72** | Rannpháirtíocht Chultúir Foirne |
| **73** | Tionscnamh Idirghabhála Áitiúil |
| **77** | Athbhreithniú ar Phróisis Araíonachta |
| **84** | An Próiseas Soláthair |
| **85** | Samhail Oibriúcháin |
| **86** | Samhail Phóilíneachta Rannáin |
| **89** | Creat Rialachais Chorparáidigh |
| **90** | Céim 2 PAF |
| **92** | Ceann na Cumarsáide Inmheánaí |
| **93** | Straitéis Cumarsáide Inmheánaí |
| **94** | Rannpháirtíocht na Meán Sóisialta |
| **95** | Príomhoifigeach Sonraí |
| **96** | Bailiú agus Bainistíocht Sonraí |
| **99** | Straitéis Dhigiteach |
| **100** | Soláthar Feistí Soghluaiste |
| **101** | Imscaradh an Chórais Bainistíochta Ábhar Fiontair (ECM) |
| **102** | Imscaradh Seolta Ríomhchuidithe (CAD) |

*Le haghaidh sonraí iomlána ar sheachadadh tionscnamh aonair i bPlean Póilíneachta 2019, téigh chuig* ***www.garda.ie***

# Forbhreathnú ar an bPlean Póilíneachta 2019 - ar lean

## Bainte amach go páirteach

| | |
|---|---|
| 13 | Aonad Náisiúnta um Atitimeachas |
| 18 | Freagra Armtha 24/7 |
| 21 | Malartú Sonraí Bithmhéadracha Prüm |
| 23 | Plean Feabhsúcháin Brathadóireachta |
| 25 | Aonad Rannán um Sheirbhísí Cosanta |
| 30 | KPI Íospartach |
| 34 | Teagmháil Phearsanta d'Íospartaigh |
| 37 | Brathadóireacht Tarrthála |
| 40 | Baill Póilíneachta Bóithre |
| 47 | Cód Cleachtais CHIS |
| 53 | Saincheisteanna um Chearta an Duine a Aithint |
| 55 | Oiliúint ar an gCód Eitice |
| 65 | Sonraíochtaí Poist |
| 66 | Ath-imlonnú Garda |
| 67 | Modh Roghnúcháin Ardú Céime |
| 69 | Straitéis Cúltaca na nGardaí |
| 76 | Beartas Monatóireachta Promhaidh an Gharda Síochána |
| 78 | Aonad Frith-Éillitheachta |
| 79 | Beartas Frith-Éillitheachta |
| 80 | Straitéis Sláinte, Leasa agus Folláine |
| 81 | Tacaíocht Iar-Theagmhais |
| 82 | Uainchláir Nua a Bhainistiú |
| 83 | Bainistiú Eastáit |
| 87 | Plean Póilíneachta Costáilte |
| 88 | Creat Buiséid & Smachtbhannaí |
| 98 | Plean Dearbhaithe Cáilíochta Sonraí |
| 103 | Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS) |

## Nár Baineadh Amach Fós

| | |
|---|---|
| 6 | Aonaid Réigiúnacha Cibear-Choireachta |
| 7 | Feidhm Faisnéise Coiriúla Bhiúró Náisiúnta Cibear-Choireachta an Gharda Síochána (GNCCB) |
| 19 | Aonaid Teagmhála Bhiúró Náisiúnta na Coireachta Eacnamaíochta (GNECB) |
| 27 | Comhroinnt Faisnéise TUSLA |
| 31 | Tacaíocht maidir le Glaonna Ar Ais don Chonclúid Imscrúdaithe |
| 33 | Beartas Coireachta Fuatha |
| 35 | Measúnacht Íospartach |
| 36 | Stádas Duine ar Iarraidh |
| 41 | Moill Taifeadta d'Fhógra Muirear Seasta |
| 56 | Cearta Daonna na Soghonta |
| 58 | Stiúrthóir Feidhmiúcháin um Fhoghlaim agus Forbairt |
| 59 | Grúpa Athbhreithnithe Foghlama agus Forbartha |
| 74 | Bainistíocht Feidhmíochta |
| 75 | Rannpháirtíocht PALF |
| 91 | Creat um Bhainistiú Riosca |
| 97 | Spriocanna Leibhéal Seirbhíse d'Ionad Seirbhísí Faisnéise na nGardaí (GISC) |

# PÓILÍNEACHT NÁISIÚNTA

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| 3 Nuashonrú ráithiúil a sholáthar ar fheidhmíocht i gcoinne spriocanna na Straitéise Náisiúnta Drugaí. | Baineadh amach an sprioc seo. Chuir an Garda Síochána na gníomhaíochtaí a leithdháileadh air faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí ‘Dochar a Laghdú, Tacú le Téarnamh - freagairt faoi threoir sláinte ar úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017 - 2025’. Cuireadh nuashonruithe mionsonraithe ar fheidhmíocht ar fáil don Údarás Póilíneachta gach ráithe. |
| 6 3 Aonad Réigiúnacha Cibear-Choireachta a Bhunú (R4). | Níor baineadh amach an sprioc seo. Ach, tá dul chun cinn déanta, áfach, ar fhorbairt an bhonneagair fhisiciúil i Loch Garman agus sa Mhuileann gCearr. Tá tairiscint eisithe maidir le suíomh na Gaillimhe agus tá an bonneagar fisiceach ar an tríú aonad á chur i gcrích. Is sprioc sa Phlean Póilíneachta do 2020 é bunú agus tús a chur le hoibriú na dtrí mhol cibear-choireachta satailíte seo. |
| 7 Feidhm Faisnéise Coiriúla a bhunú. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Leanann an tAonad Náisiúnta Cibear-Choireachta ag leathnú ar a fheidhmiúlacht chun tacú le himscrúduithe fad is a dhéantar dul chun cinn ar bhunú na feidhme faisnéise coiriúla. |
| 14 An Mhaitrís Measúnaithe Bagartha ó Dhrong Choireachta Eagraithe (OCG) a chomhlánú (R3) agus tús a chur lena úsáid (Q4). | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh Maitrís Measúnaithe Bagartha OCG agus tá tús curtha lena cur i bhfeidhm i Réigiún an Oirthir. Cuideoidh an uirlis seo leis an nGarda Síochána na bagairtí a bhíonn ag dronganna coiriúla ar an bpobal a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus déileáil níos éifeachtaí le bagairtí sula méadóidh siad. |
| 15 Tuairisciú ráithiúil ar an rath a bhí ar dhíriú ar dhronganna coireachta eagraithe, bagairtí agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. | Baineadh amach an sprioc seo. Chuir an Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Coireachta Speisialta tuarascáil ó bhéal ráithiúil ar fáil don Údarás Póilíneachta. |
| 16 Feachtas feasachta a sheachadadh do Ghardaí i gcomhar leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla (R2). | Baineadh amach an sprioc seo. Seachadadh feachtas feasachta a dearadh chun Gardaí a chur ar an eolas faoi na rudaí a dhéanann an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus faoin gcaoi ar féidir leis an eagraíocht é a úsáid. Is éard a bhí san fheachtas feasachta seo ná físeán beoite, fógra ar Thairseach an Gharda Síochána agus doiciméad faisnéise aonaid chun Gardaí a chur ar an eolas. |
| 17 Ár bhfeidhmiúlacht GoAML (teicneolaíocht frith-sciúradh airgid) a leathnú, trí úsáid a bhaint as bogearraí 'Fiontar' (Q4). | Baineadh amach an sprioc seo. Feabhsaíodh feidhmiúlacht GoAML (bogearraí an Rialtais in aghaidh Sciúradh Airgid). Forbraíodh script a nascfaidh daoine, cuntais agus eintitis go huathoibríoch ag úsáid critéar ceangail áirithe nuair a bhíonn tagairtí téarma cuardaigh á bpróiseáil. |

# Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| 19 Aonad Idirchaidrimh Rannáin GNECB a bhunú a thabharfaidh cúnamh thar 28 Rannán ar gach coir eacnamaíoch a thuairiscítear (R4). | Níor baineadh amach an sprioc seo. Níor bunaíodh Aonad Náisiúnta i mBiúró Náisiúnta Coireachta Eacnamaíochta an Gharda Síochána (GNECB) a bheadh tiomnaithe do thacú le Rannáin in imscrúdú ar choireanna eacnamaíocha tuairiscithe toisc nach raibh an iomaíocht d'fhoireann an aonaid curtha i gcrích. Sannadh pearsanra breise chun ról tacaíochta a sholáthar do Rannáin i rith na bliana ach ní don aonad tiomnaithe.<br><br>Lean GNECB le hidirchaidreamh a dhéanamh le moil choireachta Rannáin in 2019 chun a gcumas chun imscrúduithe ar choireacht eacnamaíoch a mheas agus tacú leo. Tacaíodh le himscrúduithe ar choireacht eacnamaíoch ar fud na tíre agus thug Aonad Measúnaithe, Aonad Sciúradh Airgid, Aonaid um Choireacht Eacnamaíoch Thromchúiseach agus Aonad Íocaíochta agus Airgeadra Góchumtha GNECB comhairle do Ghardaí ar fud na tíre. |
| 23 An Plean Feabhsúcháin Brathadóireachta a chomhtháthú i ngach plean póilíneachta oibríochta (R2) agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Tá Plean Feabhsúcháin Braite comhtháite sa teimpléad do phleananna póilíneachta ag leibhéal Dúiche agus Rannáin. Tá tionchar ag na hathruithe a dhéantar chun cáilíocht sonraí faoi PULSE a fheabhsú ar rátaí brathadóireachta dealraitheacha, agus go háirithe, nuair a dhéantar comparáid idir na rátaí brathadireachta trí mhí agus dhá mhí dhéag le sonraí stairiúla.<br><br>Tá cur chuige aonfhoirmeach curtha i bhfeidhm ag an bPlean Feabhsúcháin Brathadóireachta maidir le rialachas imscrúdaithe agus caighdeáin imscrúdaithe agus leanfar ag déanamh monatóireachta air seo d'fhonn rátaí brathadóireachta a fheabhsú.<br><br>Den chéad uair le 5 bliana, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) rátaí brathadóireachta do 2018 "faoi fhorchoimeádas" i mí na Nollag. Admhaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh é seo mar gheall ar fheabhsuithe ar cháilíocht sonraí brathadóireachta an Gharda Síochána. |
| 24 Athbhreithniú ar Dhúnbhású - Plean a fhorbairt don chur i bhfeidhm (R2) agus don chur chun cinn a chur i bhfeidhm. | Baineadh amach an sprioc seo. Lean an Garda Síochána le hathbhreithniú ar rialachas maidir le himscrúduithe líomhnaithe dúnbhásaithe. Críochnaíodh an 6ú Tuarascáil ón bhFoireann Athbhreithnithe ar Imscrúdú Dúnbhásaithe. Forbraíodh agus cuireadh plean i bhfeidhm.<br><br>Leanfar le monatóireacht ar an gcur i bhfeidhm le linn 2020. |
| 25 A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach Rannán ar Aonad Seirbhísí Cosanta Rannáin (R4)*. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Leanadh le rolladh amach na nAonad um Sheirbhísí Cosanta Rannáin (DPSU) - rolladh amach é chuig 11 Rannán eile in 2019. |

# Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
| --- | --- |
| 26 Treochtaí a thuairisciú le himeacht ama maidir le hionsaí gnéasach a bhrath d'fhonn brathadóireacht ionsaí gnéasach a mhéadú le 2% le linn 2019. | Baineadh amach an sprioc seo. Leanann an Garda Síochána ag athbhreithniú agus ag tuairisciú treochtaí maidir le teagmhais ionsaithe gnéis a bhrath. Ag deireadh 2019 bhí méadú níos mó ná 2% ar bhrathadóireacht i gcásanna ionsaithe gnéis i gcomparáid le líon na mbrathadóireachta in 2018. |
| 27 Prótacal Comhroinnte Faisnéise an Gharda Síochána / TUSLA (Q1)* a thabhairt chun críche. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Bhí caidreamh suntasach idir an Garda Síochána agus an Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh (TUSLA) ar siúl i rith na bliana. Leanann Biúró Náisiúnta Seirbhísí Cosanta an Gharda Síochána ag iniúchadh próisis oiriúnacha. |
| 28 Athbhreithniú ar Chomhphrótacal Oibre an Gharda Síochána / TUSLA (R2). | Baineadh amach an sprioc seo. Críochnaíodh athbhreithniú ar Chomhphrótacal Oibre reatha an Gharda Síochána / TUSLA. Tá an Comhphrótacal Oibre mar chuid de chur i bhfeidhm na hOifige Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscne-bhunaithe a Chosc (COSC), an Dara Straitéis Náisiúnta ar Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscne-bhunaithe 2016-2021. |
| 29 Uirlis mheasúnaithe riosca drochíde sa teaghlach a thabhairt chun críche (R3) agus a chur i bhfeidhm (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh uirlis um Mheasúnú Riosca um Drochíde sa Teaghlach. Cuireadh an uirlis i bhfeidhm tar éis oiliúna fairsinge a cuireadh ar fáil don bhainistíocht shinsearach san DMR Thoir. Gheobhaidh na Rannáin eile oiliúint i rith 2020. |
| 30 Doiciméid faisnéise d'íospartaigh (R2) a nuashonrú, tacar KPlanna d'íospartaigh a fhorbairt faoi dheireadh R4 le cur i bhfeidhm in 2020. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Seoladh Bileog athbhreithnithe ar Fhaisnéis d'Íospartaigh ar líne. Áiríodh leis seo faisnéis chuimsitheach d'íospartaigh na coireachta. Ina theannta sin, d'fhorbair Oifig Teagmhála Íospartach an Gharda Síochána leagan de mhéid cárta gnó atá deartha do na Gardaí a thabhairt d'íospartaigh na coireachta. Tá sonraí breise sa chárta seo freisin lena n-áirítear seoladh láithreán gréasáin an Gharda Síochána.<br><br>Forbraíodh agus foilsíodh Cairt Íospartach nuashonraithe ar Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána. Tá tús curtha le forbairt tacar feabhsaithe de Phríomhtháscairí Feidhmíochta (KPlanna) d'íospartaigh. |

# Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **31** Togra a fhorbairt chun glaonna ar íospartaigh na coireachta a thomhas ar chríochnú an imscrúdaithe (R2) lena chur i bhfeidhm i Ráithe 4. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Níor forbraíodh córas fós chun glaonna ar íospartaigh na coireachta a thomhas lena n-áirítear an gcuirtear ar an eolas iad nó nach gcuirtear faoi chonclúid imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí. Cuimsítear i gcuid den chóras seo próiseas láimhe chun teagmháil a dhéanamh le híospartaigh chomh maith le litir íospartaigh a ghiniúint ó PULSE a chuireann an t-íospartach ar an eolas maidir leis an bpróiseas imscrúdaithe. Tá próiseas láimhe i bhfeidhm anois ar Chlib Rannpháirtíochta Íospartach, áit ar féidir le Gardaí imscrúdaithe gach teagmháil le híospartach a thaifeadadh. Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar na teagmhálacha seo le haghaidh feabhsúchán. |
| **32** Bunlíne a bhunú do theagmhais um 'rialú comhéigneach' in 2019. | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019, dhírigh an Garda Síochána aird ar leith ar reachtaíocht nua maidir le Rialú Comhéigneach. Cuireadh tús le monatóireacht ar theagmhais rialaithe comhéigneacha agus tugadh faoi thionscnamh cumarsáide chun comhairle a chur ar phearsanra faoi na forálacha reachtacha agus na tacaíochtaí speisialtóra atá ar fáil d'íospartaigh agus do Gharda imscrúdaithe araon. |
| **34** Déanfar iontráil teagmhála 'Pearsanta' laistigh de 7 lá sa Tuairisc Íospartach. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Taifeadadh go bhfuair 35.44% d'íospartaigh de dhrochíde teaghlaigh teagmháil phearsanta ón nGarda Síochána laistigh de 7 lá ó theagmhais - mar sin, níor comhlíonadh an sprioc. Mar sin féin, tá méadú mór tagtha ar thaifeadadh ar theagmhálacha pearsanta le híospartaigh le 2 bhliain anuas agus b'ionann an figiúir seo agus 7.75% i Nollaig 2017. Tugann anailís ar threochtaí le fios go leanfar leis an méadú seo. |
| **35** An cion de mheasúnuithe iomlána íospartach a dhéantar laistigh de 3 lá ón tuairisciú a mhéadú ó 7% go 85%. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Seoladh Deais um Phríomh-Tháscaire Feidhmíochta (KPI) maidir le hÍospartaigh na Coireachta trí Sheirbhísí Tuairiscithe an Gharda Síochána i mí Lúnasa 2019. Ligeann sé seo do Bhainisteoirí sinsearacha Garda rath a thomhas, buarthaí a aithint, agus patrúin a thuiscint agus réitigh a ghlacadh maidir le measúnuithe íospartach coireachta a chur i gcrích.<br><br>B'ionann an céatadán do mheasúnuithe íospartach a cuireadh i gcrích laistigh de 3 lá ag mí na Nollag agus 81.04%, agus ar an gcaoi sin níor chomhlíon sé an sprioc. Mar sin féin, tá athrú dearfach marthanach inaitheanta san anailís ar threochtaí. |
| **36** Líon na dteagmhas daoine ar iarraidh le stádas athbhreithnithe / soiléirithe a laghdú go dtí níos mó ná 60 in aghaidh an Réigiúin R4. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Maidir le hathbhreithnithe gan réiteach ar chásanna stairiúla de dhaoine ar iarraidh tá gá le script TF chun gach athbhreithniú roimhe seo a ghlanadh tar éis gach athbhreithnithe mar, faoi láthair, is gá gach athbhreithniú gan réiteach a nuashonrú ina n-aonar. Níl athbhreithnithe gan réiteach á nglanadh ag athbhreithnithe nua. Níor forbraíodh an socrú TF atá riachtanach chun an tsaincheist seo a réiteach mar gheall ar ualaí oibre TFC. Tá an script le forbairt agus le cur i bhfeidhm in 2020 agus beidh gnóthachtáil an tionscnaimh ina sprioc sa Phlean Póilíneachta do 2020. |

# SLÁNDÁIL & FAISNÉIS NÁISIÚNTA

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| 4 Feidhm thiomnaithe náisiúnta um thascáil agus chomhordú a bhunú, le tacaíocht ó aonaid i ngach Réigiún. | Baineadh amach an sprioc seo. Bunaíodh feidhm thascála agus chomhordaithe. Faigheann an fheidhm tacaíocht ó aonaid tascála agus comhordaithe réigiúnacha. Leagfar amach san fheidhm seo tascadh agus comhordú faisnéise slándála agus faisnéise ar fud na heagraíochta.<br><br>Scaipeadh Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha maidir leis na hAonaid Réigiúnacha um Thascáil agus Comhordú. Déanfaidh an Coimisinéir Cúnta Slándála & Faisnéise maoirseacht ar chur chun feidhme breise.<br><br>Leanfar le comhdhlúthú na bhFeidhmeanna Náisiúnta Comhordaithe agus Tascála, de réir rolladh amach an Samhail Oibriúcháin, mar atá leagtha amach sa Phlean Póilíneachta do 2020. |
| 18 Acmhainn Aonad Freagartha Armtha 24/7 a chumasú i ngach Réigiún Garda (Q4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. In 2019, reáchtáil an Garda Síochána comórtais i rith na bliana chun na hacmhainní freagartha armtha i ngach Réigiún a mhéadú chun seirbhís 24/7 a éascú. Níor aontaíodh croí-uainchlár 24/7 fós idir bainistíocht an Gharda Síochána agus cumainn ionadaíocha. Cuirfear an tsaincheist seo chun cinn le linn 2020. |
| 21 Tús a chur le malartú sonraí bithmhéadracha trí PRUM le dhá stát nua (Q3). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Cuireadh tús le malartú sonraí bithmhéadracha le Ballstát amháin (an Ostair). Bunaíodh nasc tástála leis an Ísiltír agus leis an bPortaingéil, ach, mar gheall ar shaincheisteanna formáid an chórais ní fhéadfaí sonraí a mhalartú, áfach. Tosóidh an tástáil arís nuair a bheidh réiteach TF aimsithe.<br><br>Leagtar síos sa chinneadh Prum na forálacha faoina ndeonaíonn Ballstáit an AE rochtain dá chéile ar chomhaid uathoibrithe anailíse ADN, córais uathoibrithe aitheantais mhéarloirge agus sonraí cláraithe feithiclí. Déantar malartuithe ADN agus méarloirg bunaithe ar chur chuige “meaits / gan mheaits”, rud a chiallaíonn gur féidir próifílí ADN nó méarloirg a fhaightear ag láthair choire i mBallstát amháin den AE a chur i gcomparáid go huathoibríoch le próifílí a choinnítear i mbunachair sonraí Stáit eile an Aontais Eorpaigh.<br><br>I mí na Nollag 2019 aistríodh freagracht sa réimse seo ó Bhiúró Teicniúil Náisiúnta an Gharda Síochána go hEolaíocht Fhóiréinseach na hÉireann. |

# Slándáil & Faisnéis Náisiúnta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **22** Forbairt chóras TF Schengen a chur i gcrích (ullmhacht theicniúil SIS a bhaint amach) (Q4). | Baineadh amach an sprioc seo. Baineadh amach ullmhacht theicniúil agus síniú an AE ar Chóras Schengen. Bunaíodh an Oifig SIRENE (nó Iarratas ar Fhaisnéis Fhorlíontach ag na hIontrálacha Náisiúnta) chun córas faisnéise Schengen a láimhseáil agus reáchtáladh comórtas le haghaidh foirne na hoifige. Tá na Gardaí a roghnófar le dul i mbun a róil nua go luath in 2020.<br><br>Bhunaigh gach Ballstát a oibríonn Córas Faisnéise Forlíontach (SIS) Biúró náisiúnta SIRENE, ag feidhmiú 24/7, atá freagrach as aon mhalartú faisnéise forlíontach agus comhordú gníomhaíochtaí a bhaineann le foláirimh SIS. |
| **42** Gníomhaíochtaí agus líonraí tacaíochta sceimhlitheoireachta a aithint agus díriú orthu. | Baineadh amach an sprioc seo. D'aithin an Garda Síochána gach gníomhaíocht agus líonra tacaíochta atá nasctha le sceimhlitheoireacht, agus rinne siad monatóireacht agus athbhreithniú uirthi, chun slándáil an stáit a chothabháil agus a chosaint. |
| **43** Cur isteach ar ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta. | Baineadh amach an sprioc seo. Dhírigh an Garda Síochána ar chur isteach ar ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta de réir phlean slándála an stáit. Tuairiscíodh go rialta i dtuarascáil an phlean slándála gach gníomhaíocht sa réimse seo. |
| **44** Foinsiú agus oiliúint leanúnach a sholáthar de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta. | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019, lean an Garda Síochána ag soláthar agus ag seachadadh oiliúna leanúnaí agus cothrom le dáta de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta. |

# Slándáil & Faisnéis Náisiúnta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| 45 Feachtas feasachta Fan Sábháilte na 6 C a reáchtáil do gach Garda (R3). | Baineadh amach an sprioc seo. D'fhorbair an Garda Síochána roinnt píosaí cumarsáide mar thacaíocht d'fheachtas feasachta Fan Sábháilte 6 C do gach Garda. Scaipeadh cártaí Cúnaimh Oirbheartaíochta maidir le treoir na 6 Canna agus METHANE. Tugadh cur i láthair do Choláiste na nGardaí ar na 6Canna, a chuimsigh eilimintí MEM.<br><br>Seachadadh póstaeir cumarsáide le taispeáint i gCeanncheathrú an Rannáin. Scaipeadh físeán beoite trí Thairseach an Gharda Síochána. Seachadadh agus rinneadh measúnú ar chúrsaí i gcomhar le hOrdú & Rialú chuig DMR agus seomraí Ceannasaíochta agus Rialaithe Réigiúnacha an Iarthair. |
| 46 Ceanglais maidir le cumas slándála a aithint (R3). | Baineadh amach an sprioc seo. Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais inniúlachta slándála. Áiríodh leis seo scrúdú ar acmhainní lena n-áirítear riachtanais airgeadais, cóiríochta, teicneolaíochta agus pearsanra. Léiríodh san athbhreithniú ar riachtanais náisiúnta go raibh gá le hathstruchtúrú suntasach laistigh de na Réigiúin. Aithníodh cóiríocht agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua mar phríomh-chumasóirí athraithe. Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh Shamhail Faisnéise Náisiúnta nua mar chuid den tSamhail Oibriúcháin Eagrúcháin agus leanfaidh sé ar aghaidh le linn 2020. |
| 47 Cód Cleachtais arna fhorbairt do Phearsanra an Gharda Síochána a bhfuil baint acu le bainistíocht agus úsáid Foinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt (CHIS) (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Forbraíodh doiciméad nós imeachta um Chód Cleachtais a chuimsíonn leaganacha nuashonraithe de na beartais oibríochta reatha. Rinne an tAonad um Chearta an Duine athbhreithniú ar an doiciméad seo agus tá sé á athbhreithniú faoi láthair ag an Rannóg Chomhordaithe Beartais agus Rialachais. |
| 48 Idirchaidreamh a dhéanamh le Páirtithe Leasmhara sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun struchtúr agus formáid an imscartha a chomhaontú. Plean a fhorbairt agus cead agus comhaontú a fháil maidir le himlonnú (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. D'aontaigh an Garda Síochána plean leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun ár líonra idirnáisiúnta d'Oifigigh Idirchaidrimh Garda a mhéadú.Ina theannta sin, fuarthas cead do chomórtas chun beirt oifigeach Teagmhála Garda nua a earcú agus a imlonnú. |

# **Slándáil & Faisnéis Náisiúnta** - ar lean

## **Príomhtháscairí Feidhmíochta** - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **49** Cur lenár gcomhpháirtithe in Europol agus Interpol agus tacú leo; Rannpháirtíocht i Líonra ATLAS & Slándála Ardriosca (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. Ceapadh Aonad Oirbheartaíochta Speisialta agus Ceannasaíocht Oibriúcháin an Gharda Síochána don tseirbhís póilíneachta comhordaithe do mheitheal nua de Líonra Slándála Ardriosca an AE (HRSN). Tá sé mar aidhm ag an meitheal dea-chleachtas a aithint agus a scaipeadh i réimse na n-oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta a bhainistiú. Tá seacht dtír AE eile bainteach leis an meitheal seo. |
| **50** Ionadaíocht agus rannpháirtíocht i gcruinnithe, deiseanna oiliúna agus cleachtaí pleanáilte um Bhainistíocht Mhór-Éigeandála ilghníomhaireachta. | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019 d'fhreastail an Garda Síochána ar gach cruinniú sceidealta le haghaidh Bainistíocht Mhór-Éigeandála ilghníomhaireachta (MEM), deiseanna oiliúna agus cleachtaí. |

# SÁBHÁILTEACHT PHOBAIL

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **1** Creat Póilíneachta Pobail: Athbhreithniú a dhéanamh ar phóilíneacht phobail agus comhpháirtíochtaí pobail reatha (R2), cur chuige nua a fhorbairt (R3) lena chur i bhfeidhm (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. Cuireadh Creat Póilíneachta Pobail i bhfeidhm i gceithre Rannán. Foráiltear leis an gCreat seo go sannfar Gardaí póilíneachta pobail do cheantair gheografacha bheaga de Rannán, agus ar an gcaoi sin leibhéal comhsheasmhach idirghníomhaíochta a chinntiú idir an pobal agus an Garda Síochána.<br><br>Rinneadh athbhreithniú ar chomhpháirtíochtaí pobail in 2019 freisin agus bhí dea-chleachtas idirnáisiúnta mar bhonn eolais dó. Cuirfidh an t-athbhreithniú bonn eolais faoi fhorbairt bhreise ar chur chuige bunaithe ar chomhpháirtíocht i leith póilíneachta pobail. |
| **2** Straitéis Athbhreithnithe Éagsúlachta agus Comhtháthaithe (R2) a fhoilsiú, le plean forfheidhmithe (R3) le cur i bhfeidhm (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh agus foilsíodh an Straitéis um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú 2019 - 2021. Áiríodh sa Straitéis foilsiú ar an sainmhíniú ar choireacht fuatha agus ar bheartais agus nósanna imeachta feabhsaithe maidir le coireacht fuatha a thuairisciú, a thaifeadadh agus a imscrúdú. Tá an straitéis seo deartha chun cumarsáid a fheabhsú, comhpháirtíochtaí pobail a chothú agus ciníochas agus coireanna fuatha a chomhrac. Forbraíodh plean forfheidhmithe don Straitéis agus tá an cur i bhfeidhm ag dul ar aghaidh. |
| **8** Athbhreithniú agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm na Straitéise um Chosc agus Laghdú Coireachta (R3) 2017, ag déanamh moltaí maidir le cur chun feidhme breise. | Baineadh amach an sprioc seo. Rinneadh athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Straitéise um Chosc agus Laghdú Coireachta 2017. Bhí roinnt moltaí san athbhreithniú maidir le feabhas a chur ar an gcumas chun coireacht a chosc. Déanfar cur chun feidhme na Straitéise um Chosc agus Laghdú Coireachta a chur chun cinn tuilleadh in 2020. |

# **Sábháilteacht Phobail** - ar lean

## **Príomhtháscairí Feidhmíochta** - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **9** Foilsiú (R3) agus straitéis laghdaithe ionsaithe (tionscadal ilbhliana) a chur i bhfeidhm (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh Straitéis um Laghdú ar Ionsaithe Poiblí 2019-2021 bunaithe ar thaighde ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus scaipeadh é ar gach Oifigeach Rannáin. Tá an Straitéis á cur i bhfeidhm trí ordú oibríochta ar a dtugtar Operation Soteria agus feidhmítear í trí ghníomhaíochtaí póilíneachta spriocdhírithe agus trí rannpháirtíocht le comhpháirtithe seachtracha. |
| **10** An cumas chun teagmhais ionsaithe baile a imdhealú ó líon ginearálta na detagmhas ionsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm (R3). | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019 chuir an Garda Síochána meicníochtaí i bhfeidhm chun go bhféadfaí meastóireacht níos mionsonraithe a dhéanamh ar fhigiúirí ionsaithe agus go sonrach ar an gcumas ionsaithe a bhaineann le teagmhais de dhrochíde sa teaghlach a aithint. Ligeann an tsaoráid tuairiscithe nua seo don Gharda Síochána ionsaithe a bhaineann le drochíde sa teaghlach a imdhealú ó chatagóirí ionsaithe níos leithne. Tacaíonn na sonraí breise seo le tuiscint agus cumas níos fearr maidir le haghaidh a thabhairt ar na cineálacha coireachta seo. |
| **11** Biúró Náisiúnta um Athstiúradh Leanaí an Gharda a bhunú (R1) agus moltaí an Scrúdaithe Atreoraithe Óige a chur i bhfeidhm go leanúnach. | Baineadh amach an sprioc seo. Tá Biúró Náisiúnta um Athstiúradh Leanaí de chuid an Gharda Síochána curtha ar bun. Cuireadh moltaí Scrúdaithe an Atreoraithe Óige chun cinn i rith na bliana, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar Chlár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Forbraíodh agus ceadaíodh nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha nua freisin le haghaidh rabhaidh ógánach, tuairiscí oiriúnachta agus coireacht thromchúiseach. |
| **12** Chuir 70% de na Gardaí atá i mbun dualgais (Q4) cúrsa r-fhoghlama Athstiúrtha Óige i gcrích ar líne. | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh cúrsa ríomhfhoghlama a sholáthraíonn forbhreathnú ar an gClár Athstiúrtha agus ar obair Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Chuir 9,487 Garda an cúrsa ríomhfhoghlama i gcrích. |

# **Sábháilteacht Phobail** - ar lean

## **Príomhtháscairí Feidhmíochta** - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| 13 Aonad Náisiúnta um Atitimeachas Ciontóirí a bhunú le maoirseacht agus freagracht as J-ARC & SAOR (Q4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Bunaíodh Aonad Náisiúnta um Atitimeachas Ciontóirí le maoirseacht agus freagracht as bainistíocht cásanna coireachta i measc na n-óg agus bainistíocht cásanna aosaigh. Rachaidh an tAonad i dteagmháil go rialta leis an nGrúpa Straitéise Náisiúnta Ciontóirí agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá acmhainní á dtabhairt don Aonad ar bhonn leanúnach. Leanfar le dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscnamh seo sa Phlean Póilíneachta 2020. |
| 33 Beartas agus nós imeachta um Choireacht Fuath a fhoilsiú (R3). | Níor baineadh amach an sprioc seo. D'fhaomh an Garda Síochána an Straitéis um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú an Gharda Síochána 2019-2021 agus cuireadh sainmhíniú oibre ar Choireacht Fuath in iúl mar chuid den Straitéis. |
| 37 Méadú ar phríomhbrathadóireacht tarrthála de chionta. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. In 2019 rinne an Garda Síochána na hathruithe seo a leanas ar bhrathadóireacht tarrthála de chionta:<br>• Crios sábhála - Bhí an bhrathadóireacht do 2019 síos 3% ar 2018 maidir le braite criosanna sábhála.<br>• Fón Póca - Tháinig laghdú de 7% ar fhigiúirí do 2019 ó fhigiúirí 2018.<br>• Idirghabháil Luais - Bhí líon na mbrathadóireachta idirghabhála 11% os cionn na bhfigiúirí de 2018.<br>• Bhí gabhálacha DUI do 2019 (8405) 5% níos lú ná na figiúirí do 2018 (8860).<br>• Bhí gabhálacha um Chionta Tiomána faoi Thionchar Drugaí do 2019 (1299) 140% níos lú ná na figiúirí do 2018 (534). |
| 38 Plean Oibríochta Póilíneachta Bóithre a Chur i bhFeidhm. | Baineadh amach an sprioc seo. Rinne an Garda Síochána gach oibríocht a leagtar amach sa Phlean Oibríochtaí Póilíneachta Bóithre (RPOP) maidir le tiomáint ar meisce, ag luas, fón póca ina lámh agus gan criosanna sábhála a chaitheamh. |

# Sábháilteacht Phobail - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| 39 Plean gníomhaíochta (R1) a chomhaontú agus tús a chur lena chur i bhfeidhm (Tuarascáil Crowe Horwath). | Baineadh amach an sprioc seo. Aontaíodh garspriocanna ar leith maidir leis an bplean leis an Údarás Póilíneachta. Tá obair ar siúl maidir le cur i bhfeidhm na moltaí. Tá dul chun cinn déanta le tumadh domhain agus tá ocht ngníomh tugtha chun críche. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair d'fhonn an plean chur chun feidhme a shruthlíniú. |
| 40 Líon na nGardaí a ghabhann le Póilíneacht Bóithre a mhéadú de réir Tiomantais Straitéise Bóithre an Rialtais (Q4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Leithdháil an Garda Síochána 737 pearsanra ar Phóilíneacht Bóithre ó chomórtais i rith na bliana. B'ionann an sprioc ag tús na bliana ná méadú 891 ar phearsanra. |
| 41 Laghdú ar an mbearna ama taifeadta FCN go dtí níos lú ná 16 lá do thaifid FCN a eisítear de láimh. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Mar chuid den tionscadal soghluaisteachta chun teicneolaíocht nua a sholáthar do Ghardaí chun próiseáil a fheabhsú, forbraíodh feidhmchlár soghluaiste chun Fógraí Muirear Seasta (FCNanna) a chruthú ag baint úsáide as gléas soghluaiste Garda. Rinne an Oifig Próiseála Muirear Seasta (FCPO) athbhreithniú ar an bpróiseas i rith na bliana. Baineadh úsáid as gairis shoghluaiste i dtreo dheireadh Ráithe 4, déanfar imscaradh breise ar fheistí agus a n-éifeachtaí a mheas in 2020. Baineadh úsáid ró-dheireanach as gairis sa bhliain chun tionchar a imirt ar an mbearna ama reatha i mbailiú agus i bpróiseáil FCNanna. |

# SEIRBHÍSÍ TRAS-EAGRAÍOCHTA

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **5** Anailísithe a earcú chun tacú le póilíneacht ag leibhéil rannáin agus náisiúnta (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019 mhéadaigh an Garda Síochána neart Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána trí 17 pearsanra a earcú go seachtrach ar leibhéal Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Feidhmiúcháin Ardleibhéil. Leis na ceapacháin seo, méadófar cumas anailíse an Gharda Síochána agus cuirfear chun cinn póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis chomh maith. |
| **20** Céim 1 (R1) an Chórais Bainistíochta Imscrúdaithe a Chur i bhFeidhm agus an córas a imscaradh i Réigiún an Oirdheiscirt (R3). | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019 chuir an Garda Síochána tús le rolladh amach an Chórais Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS). Soláthraíonn IMS córas leictreonach chun tacú le gach imscrúdú a bhunú, a rith, a bhainistiú agus a chríochnú. Úsáidfear IMS chun tacú le leithdháileadh agus bainistíocht gach post, agus soláthróidh sé taifead leictreonach den fhaisnéis agus den fhianaise go léir a bhaileofar agus coimeádfaidh sé stair iomlán de shlabhra na n-imeachtaí suas go dtí an t-am a mbeidh an t-imscrúdú críochnaithe.<br><br>Cuireadh an córas i bhfeidhm i mí an Mhárta 2019 agus rolladh amach de réir a chéile laistigh de Réigiún an Oirdheiscirt. Críochnaíodh Céim 1 i Réigiún an Oirdheiscirt, lena n-áirítear oiliúint agus athbhreithniú leanúnach ar an gcóras. Rachaidh rolladh amach breise IMS ar aghaidh in 2020. |
| **51** Bunús cearta daonna a thógáil don phóilíneacht. Aonad um Chearta an Duine a bhunú (R1). | Baineadh amach an sprioc seo. Bunaíodh Aonad um Chearta an Duine. Tá foireann cháilithe eile á lorg san eagraíocht faoi láthair. Ceadaíodh speisialtóir um chearta an duine chun gníomhú mar chomhairleoir go dtí go n-earcaítear pearsanra a bheidh níos mó taithí acu agus chun tacú le forbairt an aonaid chomh maith le seachadadh na Straitéise um Chearta an Duine, an Chreat um Chearta an Duine agus cáipéisí gaolmhara. |
| **52** Straitéis um Chearta an Duine a Fhorbairt (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh agus seoladh an Straitéis um Chearta an Duine i mí na Nollag 2019. Ina theannta sin, forbraíodh Creat um Chearta an Duine, Doiciméad Treorach Oibriúcháin um Chearta an Duine agus Uirlis Scagtha um Chearta an Duine. |
| **53** Measúnú ar phríomhábhair bheartais, chleachtais agus oiliúna chun saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine a aithint (R2). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Rinneadh measúnú ar na beartais, na cleachtais agus na hábhair oiliúna chun saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine a aithint. Forbraíodh agus ceadaíodh an Creat-Doiciméad um Chearta an Duine, an Doiciméad Treorach Oibriúcháin um Chearta an Duine agus an Uirlis Scagtha um Chearta an Duine. Táirgeadh doiciméad ina leagtar amach 5 phríomhréimse beartais maidir le comhlíonadh chearta an duine. Tabharfar measúnú ar phríomhbheartas, cleachtas agus oiliúint chun críche in 2020 faoin bPlean Póilíneachta. |

# Seirbhísí Tras-Eagraíochta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| 54 An Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine (SHRAC) (R1) a athbhunú. | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019, d'athbhunaigh an Garda Síochána an Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine (SHRAC). Tionóladh an chéad chruinniú i mí an Mhárta agus bhí Coimisinéir an Gharda Síochána ina chathaoirleach air. Bhí an coiste ag treorú forbartha na Straitéise um Chearta an Duine agus ag déanamh measúnaithe ar bheartais laistigh den Gharda Síochána. |
| 55 Cuireadh oiliúint ar an gCód Eitice ar fáil do 100% den phearsanra, tá oiliúint le cur ar 95% den phearsanra agus sínfidh gach pearsanra oilte an Cód faoi R4. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. D'fhreastail 89% de na Gardaí Síochána ar oiliúint ar an gCód Eitice. Shínigh 92% díobh siúd a cuireadh oiliúint orthu an Cód Eitice. |
| 56 Beartas agus treoir a sholáthar chun na daoine is leochailí sa Chóras Ceartais Choiriúil a chosaint, ag tacú le bainisteoirí áitiúla agus iad ag measúnú cearta daonna na n-úsáideoirí seirbhíse is leochailí (R4). | Níor baineadh amach an sprioc seo. Rinneadh athbhreithniú (lena n-áirítear anailís bhearna) ar an treoir agus an oiliúint atá ann cheana chun déileáil le daoine leochaileacha. Forbraíodh beartas maidir leis an Acht d'Íospartaigh 2017 chomh maith le cumais mheasúnaithe riosca feabhsaithe d'íospartaigh chun na daoine is leochailí a aithint. Cuireadh roinnt tionscnamh chun cinn maidir le soláthar seirbhíse feabhsaithe d'íospartaigh leochaileacha. Rinneadh athbhreithniú ar phróisis agus nósanna imeachta maidir le daoine leochaileacha atá faoi choimeád. Rinneadh obair freisin leis an Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhéinmharú chun eolas atá ag na Gardaí a fhorbairt. |
| 57 Tús a chur le forbairt ar Straitéis Foghlama agus Forbartha (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. Cuireadh dréacht-Straitéis Foghlama agus Forbartha le chéile. Sa doiciméad seo, tugtar léargas straitéiseach ar ghnéithe den fhoghlaim agus den fhorbairt mar thimthriallta oiliúna córasacha, sainaithint riachtanas foghlama, cuir chuige foghlama cumaiscthe agus struchtúir rialachais. |
| 58 Post mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Foghlama agus Forbartha (R2) a fhógairt lena cheapadh i R4. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh sonraíocht poist do Stiúrthóir Saineolaithe Foghlama agus Forbartha. Tá cás gnó ceadaithe ag an Údarás Póilíneachta agus ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Faoi dheireadh 2019, bhí sé seo á mheas ag an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí. Déanfar dul chun cinn breise ar an bpróiseas earcaíochta in 2020. |

# Seirbhísí Tras-Eagraíochta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **59** Grúpa Athbhreithnithe Saineolaithe T&F bunaithe (R3). | Níor baineadh amach an sprioc seo. Cuireadh roinnt próiseas i ngníomh maidir leis an tionscnamh seo. Ina measc seo bhí dréachtú cuspóirí, forbairt pharaiméadair ballraíochta, sainmhíniú ar ról agus freagracht an Chathaoirligh, ról, chomh maith le meicníocht freagrachta agus tuairiscithe an ghrúpa athbhreithnithe é féin a bhunú. D'fhaomh an Fheidhmeannas téarmaí tagartha an Ghrúpa Athbhreithnithe Saineolaithe. Faoi dheireadh na bliana, bhí comhairliúchán ar siúl le páirtithe leasmhara maidir le ballraíocht d'ainmnithe beartaithe. |
| **60** Cuireadh tús le próiseas soláthair éide nua (R3). | Baineadh amach an sprioc seo. Cuireadh tús le próiseas soláthair d'éide nua agus foilsíodh agus fógraíodh RFTanna. Aontaíodh coincheap agus dearadh foriomlán éide nua freisin. |
| **61** Foilsiú agus cur i bhfeidhm na Straitéise um Dhaoine (R2). | Baineadh amach an sprioc seo. Foilsíodh an Straitéis um Dhaoine ar líne. Cuirfear i bhfeidhm é trí na tionscnaimh tosaíochta a leagtar amach sa Phlean Póilíneachta agus de réir Ráiteas Straitéise 2019 - 2021. Tabharfar tosaíocht breise do thionscnaimh go luath agus tabharfar breac-chuntas orthu seo sa Phlean Póilíneachta do 2020. |
| **62** Earcaíocht de 600 Garda (R4) Earcaíocht de 740 Ball Foirne Garda (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019, d'earcaigh an Garda Síochána 605 Garda agus ceapadh 748 Ball Foirne Garda. |
| **63** 100 ball de Chúltaca an Gharda Síochána a earcú (R1). | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019, thairg an Garda Síochána poist Chúltaca an Gharda Síochána do 100 iarratasóir, ar glacadh le gach ceann acu. Chuir 99 Garda Cúltaca an oiliúint i gcrích. |
| **64** Daonáireamh na bhfostaithe go léir (R1) a chur i gcrích agus plean eatramhach fórsa saothair (R2) a chur i gcrích lena fhorghníomhú in (R3 & 4). | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh Plean eatramhach um Fhórsa Saothair. Mar chuid den phlean seo, rinneadh daonáireamh eagraíochtúil agus úsáideadh anailís ar shonraí an daonáirimh chun a chur ar chumas na foirne Nuachóirithe an Fhórsa Saothair an plean a thiomáint.<br><br>Bhí na freagrachtaí nua faoin tSamhail Oibriúcháin mar phríomhfhachtóir i bhforbairt an phlean fórsa saothair. |

# Seirbhísí Tras-Eagraíochta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| 65 Forbairt leanúnach ar shonraíochtaí poist do gach ról (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. In 2019, rinne an Garda Síochána daonáireamh eagraíochta chun forbairt sonraíochtaí poist a chumasú. Áiríodh leis seo róil a shainaithint a éilíonn cumhachtaí agus róil póilíní a chuirfear chun cinn le haghaidh sibhialtachta. Bhí an tSamhail Oibriúcháin bunúsach maidir leis na struchtúir chuí a mbeidh na róil seo iontu a |
| 66 500 pearsanra de chuid an Gharda Síochána a ath-imlonnú (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Le linn 2019 rinne an Garda Síochána 344 Garda a ath-imlonnú ina róil oibríochta. Déanfar athbhreithniú ar an straitéis ath-imlonnaithe de réir fhorbairt sonraíochtaí poist nua agus freastal ar Ghardaí a dteastaíonn róil dhualgais éadroma uathu. Tabharfar aghaidh ar an easnamh sa sprioc ath-imlonnaithe le linn 2020. |
| 67 Tograí a fhorbairt maidir le modhanna nua roghnúcháin chun an próiseas cur chun cinn a fheabhsú (R3). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Tugadh Ceann na Seirbhísí Measúnaithe sna Seirbhísí Ceapacháin Phoiblí ar iasacht chuig an nGarda Síochána chun obair ar anailís poist a chur chun cinn. Cuirfidh an obair seo bonn eolais faoi na próisis roghnúcháin do chomórtais ardú céime um Sháirsintí agus Cigirí a reáchtálfar sa todhchaí. Eisíodh tairiscint freisin chun Comhpháirtí Anailíse Poist a shainaithint chun obair ar fhorbairt inniúlachta a chur chun cinn. Déanfar tuilleadh dul chun cinn air seo in 2020. |
| 68 A chinntiú go ndéantar róil a leithdháileadh ar phearsanra atá ar cóimhéid lena bpríomhláidreachtaí agus bpríomhinniúlachtaí scileanna. | Baineadh amach an sprioc seo. Cuireadh athbhreithniú i gcrích chun dualgais/róil neamh-lárnacha a shainaithint a dhéanann Gardaí faoi láthair thar ceann gníomhaireachtaí stáit eile agus nach dteastaíonn cumhachtaí póilíneachta uathu nó a d’fhéadfaí a dhéanamh ar bhealaí eile. Rinneadh roinnt moltaí mar chuid den athbhreithniú seo agus tá siad á mbreithniú faoi láthair. |
| 69 Straitéis Cúlchiste Garda a fhorbairt (R2). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. In 2019 d’fhorbair an Garda Síochána dréacht-Straitéis Cúltaca (2019-2023) agus rinneadh athbhreithniú iomlán ar Chúltaca an Gharda Síochána. Cuireadh an dá cheann ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus don Údarás Póilíneachta. Tá an Straitéis Cúltaca le bheith críochnaithe go luath in 2020. |
| 70 Clár oiliúna ceannaireachta a fhorbairt lena n-áireofar cultúr, eitic agus sábháilteacht shíceolaíoch (R2). | Baineadh amach an sprioc seo. Roghnaíodh rannpháirtithe do Chlár Ceannaireachta Feidhmiúcháin an Gharda Síochána (GELP) agus chuir siad tús lena gcéad mhodúl faoi mhí na Nollag. |

# Seirbhísí Tras-Eagraíochta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **71** Oiliúint rialachais a sholáthar don SLT (R1). | Baineadh amach an sprioc seo. Chuir saineolaí seachtrach oiliúint rialachais fheabhsaithe ar fáil don Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach. |
| **72** Togra rannpháirtíochta i gcultúr foirne (R2) a fhorbairt lena chur i bhfeidhm i R4. | Baineadh amach an sprioc seo. Faomhadh dhá cheann déag de thionscnaimh rannphairtíochta cultúir foirne. Is é aidhm na dtionscnamh seo timpeallacht dhearfach oibre a chruthú a chuireann cultúr muiníne chun cinn ina n-oibríonn baill foirne le chéile, ina mbraitheann siad spreagtha agus muiníneach chun dul i mbun cainte, labhairt suas agus iarracht a dhéanamh a bheith nuálaíoch. |
| **73** Tionscnamh Idirghabhála Áitiúil a chur i bhfeidhm i 3 Rannán Garda (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019, chuir an Garda Síochána tionscnaimh Idirghabhála Áitiúla i bhfeidhm. Cuireadh i bhfeidhm iad seo agus seachadadh cruinnithe faisnéise do Réigiún an Oirthir agus do Rannán Thuaidh DMR. Tá Idirghabháil Áitiúil curtha i bhfeidhm ar fud na tíre anois. |
| **74** Plean forfheidhmithe bainistíochta feidhmíochta le bheith forbartha (R4). | Níor baineadh amach an sprioc seo. Ní raibh an Garda Síochána in ann teacht ar chomhaontú le Ceardchumainn Foirne an Gharda Síochána maidir leis an gclár PALF a ghlacadh mar an córas bainistíochta feidhmíochta don eagraíocht uile. Tá Garda Síochána ag leanúint ar aghaidh ag idirghníomhú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tríd an bpróiseas caidrimh thionscail maidir leis an ábhar seo a chur chun cinn. |
| **75** 40% de na Gardaí le hathbhreithniú eatramhach a bheith acu faoi dheireadh (R3). | Níor baineadh amach an sprioc seo. Amhail Nollaig 2019, cuireadh oiliúint ar 10,315 Garda maidir le húsáid PALF. Ghlac 65% de na Gardaí a cuireadh oiliúint orthu páirt sa phróiseas PALF. Ba é an sprioc ná a rianú cé mhéad bainisteoir a raibh cruinniú lár bliana (athbhreithniú eatramhach)acu maidir leis an dul chun cinn atá déanta i leith spriocanna feabhsúcháin pearsanta agus eagraíochtúla. Tá próiseas chun é seo a thomhas le cur i bhfeidhm in 2020. |
| **76** Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas monatóireachta promhaidh an Gharda Síochána (R2) agus beartas athbhreithnithe ceadaithe (R4) a fhoilsiú. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Rinneadh athbhreithniú ar bheartas monatóireachta promhaidh an Gharda Síochána agus, mar thoradh air sin, cuireadh dréachtbheartas faoi bhráid na Foirne Ceannaireachta Sinsearaí lena cheadú. Déanfar an tionscnamh seo a chur chun cinn tuilleadh sa Phlean Póilíneachta do 2020. |
| **77** Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar phróisis araíonachta (R2) chun tacú le rialacháin nua araíonachta a dhréachtú (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. Tá athbhreithniú ar phróisis reatha araíonachta curtha i gcrích. Áiríodh leis seo an próiseas gnó a mhapáil agus athbhreithniú ar an gcóras reatha ó thaobh an dlí de. Ina theannta sin, forbraíodh dréachtbheartas maidir le tearcfheidhmíocht a bhainistiú agus rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas idirghabhála áitiúil i gcomhar le GSOC. |

# Seirbhísí Tras-Eagraíochta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| 78 Aonad frith-éillithe a bhunú ag Gnóthaí Inmheánacha (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. In 2019, níor bhunaigh an Garda Síochána Aonad Frith-Éillithe (ACU) faoi dheireadh na bliana. Cuireadh moill ar bhunú nuair a cheadaíodh cáipéisí beartais agus nós imeachta ar shainchúram ACU agus bhí sé deacair cóiríocht a aithint, chomh maith. Tá foireann forfheidhmithe curtha ar bun, faoi cheannas Ard-Cheannfort an Aonaid Frith-Éillithe atá le bunú. Tá sonraí maidir le comórtas chun acmhainní a thabhairt don aonad tugtha chun críche agus beidh siad ar siúl go luath in 2020. |
| 79 Beartas frith-éillithe a dhréachtú (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Dréachtaíodh beartas frith-éillithe atá á athbhreithniú faoi láthair ag Legal and Compliance. |
| 80 Straitéis Sláinte, Leas agus Folláine sínithe (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Forbraíodh dréacht-Straitéis Sláinte agus Folláine. Mar chuid de seo, rinneadh Suirbhé Sláinte agus Folláine Eagrúcháin agus fuarthas ráta freagartha suntasach laistigh den eagraíocht. Leanfar le cur chun feidhme na Straitéise Sláinte agus Folláine in 2020. |
| 81 Athbhreithniú tacaíochta iar-theagmhais le bheith déanta agus an beartas comharthaíochta le bheith nuashonraithe (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Rinneadh athbhreithniú ar chleachtais tacaíochta iar-theagmhais reatha. Mar chuid de seo, rinneadh athbhreithniú litríochta ar na dea-chleachtais agus ar chur chuige bunaithe ar fhianaise agus forbraíodh dréachtbheartas comharthaíochta. Tá an dréacht faoi réir rannpháirtíochta leis na Ceardchumainn agus leis na Cumainn. Déanfar tuilleadh dul chun cinn ar an tionscnamh seo in 2020. |
| 82 Seasamh bainistíochta a fhorbairt ar shocruithe uainchláir nua (R2) agus tús a chur le plean chur i bhfeidhm a fhorbairt (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Forbraíodh post bainistíochta ar shocruithe uainchláir nua. Rinneadh taighde ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le huainiú agus cuireadh tús le comhairliúchán inmheánach agus seachtrach le páirtithe leasmhara. Déanfar an tionscnamh seo a chur chun cinn tuilleadh sa Phlean Póilíneachta do 2020. |
| 83 Togra bainistíochta eastáit a fhorbairt (R2 & R3); teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara (R3 & R4) agus tograí a chur i bhfeidhm (R4). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Ullmhaíodh dréacht-togra maidir le bainistíocht eastát an Gharda Síochána sa todhchaí agus cuireadh faoi bhráid an Fheidhmeannais é lena bhreithniú agus lena fhormheas. |
| 84 Athbhreithniú ar phróisis soláthair a dhéanamh (R2) an próiseas mar a dhéantar agus an próiseas atá le dearadh a dhoiciméadú (R3). Tús a chur le moltaí cur chun feidhme (R4)*. | Baineadh amach an sprioc seo. Rinneadh athbhreithniú ar na próisis chinnteoireachta soláthair reatha in 2019. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, forbraíodh Plean Soláthair Chorparáidigh 2020-2022. |

# Seirbhísí Tras-Eagraíochta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **85** Straitéis um Shamhail Oibriúcháin a bhunú, (Q1) Treoirphlean samhail oibríochta (R2) a dhearadh agus tús a chur lena cur i bhfeidhm (R3)*. | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019 thosaigh an Garda Síochána ag cur an tSamhail Oibriúcháin Eagrúcháin i bhfeidhm. Beidh aistriú ó 28 go 19 Rannán i gceist leis an gcur i bhfeidhm chomh maith le struchtúr nua laistigh de Rannáin ina mbeidh ceithre réimse feidhmiúla (Coireacht, Dearbhú Feidhmíochta, Rannpháirtíocht Phobail agus Seirbhísí Gnó). |
| **86** Píolótach Múnla Póilíneachta Rannáin i bhfeidhm (R1), measúnú déanta air (R3) agus plean don chéim 2 críochnaithe (R4)*. | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019, d'fhorbair agus rinne An Garda Síochána struchtúir nua i Rannáin a mheas. Soláthróidh na struchtúir seo leibhéil mhéadaithe maoirseachta agus cuntasachta. Comhcheanglófar feidhmeanna a dhéantar i ngach Dúiche ar nós rialachas, riarachán, imscrúdú agus póilíneacht phobail ag leibhéal aa Rannáin agus tabharfaidh ceannfort sannta nó príomhoide cúnta maoirseacht shonrach dóibh. Tabharfaidh an tsamhail an cumas do Phríomh-Cheannfoirt straitéisí níos leithne a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le coireacht ina Rannáin. Tá an tsamhail comhtháite anois sa tSamhail Oibriúcháin. |
| **87** Plean póilíneachta eatramhach costáilte a sheachadadh (R1)* agus plean póilíneachta costáilte deiridh a sheachadadh (R3)*. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Forbraíodh plean póilíneachta eatramhach costáilte. Níor seachadadh an plean póilíneachta costáilte deiridh. Baineadh úsáid as costais iarbhír mhíosúla 2019 chun an tsamhail seo a fhorbairt mar chuid den obair ullmhúcháin chun Plean Póilíneachta 2020 a chostáil. Forbraíodh teilgean ar chostais Phlean 2020 agus cuireadh faoi bhráid an Phríomhoifigigh Riaracháin é. |
| **88** Creat a bhunú chun foráil a dhéanamh maidir le buiséadú ilbhliantúil agus smachtbhannaí tarmligthe (R2)*. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. In 2019, fuair an Garda Síochána smachtbhannaí tarmligthe agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar chumais bhuiséadaithe ilbhliantúla. Meastar go leanfaidh an t-athbhreithniú go luath in 2020. Tá dréacht d'athbhreithniú Chéim II Mazar ar Fheidhmeanna Airgeadais an Gharda Síochána scaipthe ag an nGarda Síochána le breithniú a dhéanamh ar an ngrúpa stiúrtha acmhainní. |
| **89** Athbhreithniú ar ár gCreat Rialachais Chorparáidigh (R3)*. | Baineadh amach an sprioc seo. Rinneadh athbhreithniú ar Chreat Rialachais Chorparáidigh an Gharda Síochána. Tá Treoirphlean Rialachais an tSamhail Oibriúcháin á athbhreithniú chun próisis rialachais nua a ionchorprú a ailíneoidh feidhmeanna rialachais agus feidhmíochta agus cuntasachta Rannáin, Réigiúnaí agus Ceanncheathrún. Tacóidh na róil agus na feidhmeanna nua seo le riachtanais an Gharda Síochána faoin gComhaontú Maoirseachta nua (2020-2022) idir an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Déanfar an tionscnamh seo a chur chun cinn tuilleadh sa Phlean Póilíneachta do 2020. |
| **90** Céim 2 PAF a chur i bhfeidhm (R3)*. | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm Céim 2 PAF in 2019. Tosófar ar chur i bhfeidhm Chéim 3 PAF (comhtháthú leictreonach) in 2020. |

# Seirbhísí Tras-Eagraíochta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **91** Athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Riosca (R4)*. | Níor baineadh amach an sprioc seo. Eisíodh iarratas ar thairiscint chun saineolaí neamhspleách a fhostú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Bainistíochta Riosca. |
| **92** Ceann cumarsáide inmheánaí a cheapadh (R1)*. | Baineadh amach an sprioc seo. Ceapadh Ceann Cumarsáide Inmheánaí i mBealtaine 2019. |
| **93** Straitéis cumarsáide inmheánach a chur i gcrích agus tús a chur lena cur chun feidhme (R4)*. | Baineadh amach an sprioc seo. Forbraíodh Straitéis nua Cumarsáide Inmheánaí. Mar chuid de seo, forbraíodh bealaí nua cumarsáide inmheánaí digití lena n-áirítear spárálaithe scáileáin a thabharfaidh cothrom le dáta gach mí chun príomhtheachtaireachtaí a dháileadh. Aontaíodh athsheoladh de leagan digiteach de Newsbeat freisin agus déanfar tuilleadh dul chun cinn air in 2020. |
| **94** Cuntas Instagram a bhunú chun ár rannpháirtíocht ar líne le daoine óga (R2) a fheabhsú agus 3 leathanach Roinne Facebook (R2,3 & 4) a bhunú chun ár gcumhdach náisiúnta ar Facebook a chur i gcrích. | Baineadh amach an sprioc seo. Seoladh cuntas Instagram an Gharda Síochána i mí na Bealtaine 2019. Faoi dheireadh na bliana bhí os cionn 37,000 leantóir bainte amach aige. Tá trí leathanach Facebook Rannáin (Loch Garman, Cill Mhantáin agus an Iarmhí) beo anois agus tacaíonn pearsanra áitiúil leo. |
| **95** Post an Phríomhoifigigh Sonraí (CDO) fógartha (R2), CDO ceaptha (R3)*. | Baineadh amach an sprioc seo. Ceapadh Príomhoifigeach Sonraí in 2019. |
| **96** Athbhreithniú ar an bpróiseas bailiúcháin agus bainistíochta sonraí, (R3) plean bailiúcháin agus bainistíochta sonraí (R4) a fhorbairt. | Baineadh amach an sprioc seo. Críochnaíodh athbhreithniú ar an bpróiseas bailiúcháin agus bainistíochta sonraí. Ina theannta sin, forbraíodh straitéis bailiúcháin agus bainistíochta sonraí. Beidh an cur i bhfeidhm ar siúl in 2020. |
| **97** GISC ag comhlíonadh spriocanna leibhéal seirbhíse chun 80% de ghlaonna a fhreagairt laistigh de 20 soicind (deireadh R4). | Níor baineadh amach an sprioc seo. Ar an drochuair, agus in 2019 d'fhreagair an Garda Síochána 57% de ghlaonna lárionaid sonraí inmheánacha laistigh de 20 soicind, níor baineadh an sprioc amach mar gheall ar shaincheisteanna acmhainní. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag toradh thionscadal na bhfeistí soghluaiste air seo amach anseo. |
| **98** Plean um Dhearbhú Cáilíochta Sonraí (R4) a fhorbairt agus tús a chur leis. | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Ceapadh Príomhoifigeach Sonraí. Tá athbhreithniú ar siúl ar cháilíocht sonraí, lena n-áirítear athbhreithniú ar GISC. Forbraíodh Plean um Dhearbhú Cáilíochta Sonraí agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird Rialachais Sonraí é i mí na Nollag lena bhreithniú. |

# Seirbhísí Tras-Eagraíochta - ar lean

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - ar lean

| SPRIOC DHEIREADH BLIANA | AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA NA BLIANA |
|---|---|
| **99** Straitéis Dhigiteach curtha i gcrích (R2). | Baineadh amach an sprioc seo. Dréachtaíodh agus tugadh chun críche doiciméad straitéise digití. |
| **100** Cás gnó feistí soghluaiste forbartha (R3) agus cuireadh tús leis an soláthar (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. In 2019 dréachtaíodh agus ceadaíodh an cás gnó d'fheistí soghluaiste. Críochnaíodh soláthar don chéad tráinse de ghléasanna soghluaiste freisin agus rolladh amach 114 feiste faoi dheireadh 2019. |
| **101** ECM a imlonnaíodh i Réigiún an Oirthir (R3) agus an Deiscirt (R4). | Baineadh amach an sprioc seo. Tá an córas nua roinnte comhad curtha i bhfeidhm i Rannáin in Oirthear agus in iar-Réigiúin an Oirdheiscirt. Tá oiliúint agus rolladh amach ar siúl faoi láthair i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (DMR). |
| **102** CAD a imlonnaíodh i Réigiún an Iarthair (Q1) agus i Réigiúin an Oirdheiscirt agus an Oirdheiscirt (Q3). | Baineadh amach an sprioc seo. Imlonnaíodh Seolta Ríomhchuidithe (CAD) chuig Réigiún an Iarthair (an Tuaisceart san áireamh) i mí an Mhárta 2019 agus chuig Réigiún an Oirdheiscirt agus an Oirdheiscirt i mí Iúil 2019. Tá na ceithre Seomra Rialaithe Réigiúnacha beo anois. |
| **103** RDMS imlonnaithe go Coláiste an Gharda Síochána, Aonad Grinnfhiosrúcháin Lárnach an Gharda Síochána, Oifig Próiseála um Mhuirear Seasta (Q3). | Baineadh amach cuid den sprioc seo. Tá an Córas Bainistíochta Uainchláir Dualgais (RDMS) beo do Ghardaí atá lonnaithe i gColáiste an Gharda Síochána, san Oifig Próiseála Muirear Seasta agus i mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (GNVB). Reáchtáladh 'Téigh Beo' d'fhoireann an Gharda Síochána in GNVB i mí na Samhna i dteannta leis an gcóras ama agus tinrimh fíorúil reatha, agus déanfar píolótach a mheas tar éis 2 mhí. Ba cheart go bhfeabhsófar comhordú uainchláir leis an gcóras agus go ndéanfadh sé rianú níos fearr ar na huaireanta a oibrítear. |

Creidiúintí:
Arna Dearadh ag: Creativerin Design
Cruthaitheach ag: Cartlann An Garda Síochána Arna
Phriontáil ag:

garda.ie